Úsáid do theanga

Bladair na Beacha ës na Bláthanna

Conas tá tú, táimse aerach, meastú an mbeithfeá in ann mé a thiontú
Kunass taw too, toym-sha ayrock. Mastoo un mayock too in awn may ah hyuntoo
Hi. I'm gay, think you can convert me?

Go dtéigh mar atá? measaim go bhfuil do chara ar dóigh. An bhfuil síob Abhaile agat nó an é an triúr dinn a bheidhis ann.
Guh day marr ataw? Massam guh will duh harra err dough-ee. Un will sheeb ah-wy-la ogut no un ay un true-er deeing ah vase awn.
Hi. I think your friend is really hot. Do you have a ride home or is it just going to be the three of us?

An bhfuil tú saor anocht nó an bhfuil costas I gceist
Un will too sayer anuckt no un may costas ih gesht
Are you free tonight or will it cost me?

Fíricí

Deineann éinecha cugaint len a bhoilg
Birds chews with their stomach.

Níl aon Lamhnán ag éineacha
Birds have no Bladder

Is féidir le turcaí athghiniúnt gan gnéas a bheith acu
Turkeys can reproduce without having sex.

Is san aer a dheineann seabhaigh a gcuid collaíochta
Eagles mate while airborne.

Ceisteanna Mearraí

Ceist:
Tá seilmide ag bun tobar atá 30 troigh domhain. Tá fonn éalú air agus éiríonn leis 3 throigh a dhreapadh chuile lá, ach istoíche sleamhnaíonn sé siar dhá throigh. Cén fhad a dtógann sé ar an seilmide éalú as an tobar?
Freagra:
28 Lá. Mar chomh luath is a shroicheann sé barr an tobar ní shleamhnóidh sé a thuile.

Ceist:
Dá gcuirfeá bonn airgead isteach i mbuidéal agus an chorc a ghreamadh isteach sa bharr in a dhiadh - conas a bhainfeá an bonn as an mbuidéal gan an cork a bhaint amach nó an buidéal a bhriseadh?
Freagra:
Brú an corc isteach sa bhuidéal agus craith amach an bhonn.

Ceist:
Cad é an bealach is éasca a gcaithfeá liathróid ionas go stopfadh sé, is go dtiontódh sé amhalairt treo is gan ach fad gearr curtha de.
Freagra:
Caith an liathróid in airde.

Nathann greanmhar

Séard atá sa domhain ná teach gealt na cruinne
Earth is the insane Asylum for the universe.

Beagnár raibh céile síceach agam, ach dífhág sé sul má bhuaileamar le chéile
I almost had a psychic boyfriend, but he left me before we met!

Faigh iassacht airgead ón doirbhíoch ñ ní bheidh siad ag súl go bhfaigheadh siad ar ais é
Borrow money from pessimists-they don't expect it back!

Más rud é go néiríonn leat an chéad uair ná lig ort go bhfuil ionnadh ort
If at first you DO succeed, try not to look astonished!

Cúpla Focal

Harry O Carroll, Dochtúir agus Gaeilgeoir (1899-1987)

le Proinn Ó Duigneáin

Bhí ard-mheas ar Harry O Carroll mar dhuine agus mar dhochtúir agus is iomaí cúis ar leas na ndaoine agus na tire lenar chaith sé a dhícheall agus a dhúthracht.

Rugadh é i 1899 i nDroim dhá Thiar áit a raibh a athair James ina dhochtúir íoclainne. D'fhreastail sé ar Choláiste Phadraig an Chábháin agus ina dhiaidh sin rinne sé cúrsa leighis in Iolscoil na Gaillimhe agus in Iolscoil Bhaile Átha Cliath. Bhain sé céim dochtúireachta amach i 1921. Le linn dó bheith ina mhac léinn bhí sé gníomhach in G Company, 4th Battalion de Óglaigh na hÉireann a bhí lonnaithe thart ar cheantar Harold's Cross. Níor ghlac sé páirt sa Chogadh Chatharga cé go raibh sé báúil leo siúd a bhí i gcoinne an Chonartha.

Fuair sé post mar Oifigeach Leighis i dTeach na mBocht i gCluainín i 1922 agus nuair a hosclaíodh an t-ospidéal nua i 1954, d'oibrigh sé ann mar Lia an Chontae. Déirigh sé as obair i 1970. Ón uair ar chuir sé tús lena chleachtadh dochtúra go dtí an lá ar éirigh sé as ba dhian dícheallach a d'oibrigh sé. Ba é seo ré na heitinne agus gan fáil ar an druga streptomycin go dtí na luath-chaogaidí. Bhíodh Harry amuigh, moch is mall ag freastal ar dhaoine a bhí in isle brí cuid mhaith den am. Is cuimhin liom an Dr Jordan, atá ina chónaí i Droim Áta Thiar, a rá liom roinnt blianta ó shoin nach bhfuair Harry O Carroll ariamh an t-aitheantas agus an moladh a bhí tuillte aige.

Sna triochaidí thacaigh Harry le cur ar fáil cúirt liathróid láimhe sa Bee Park agus le bunú craobh de Chonradh na Gaeilge i gCluainín. Ina dhiaidh sin bhí sé ar an gcoiste a d'eagraigh Feis Chluainín. I lár na gcaogaidí bhí sé an-ghníomhach ar an gcoiste a bhunaigh Coláiste Sheosaimh Naofa i sean ospidéal an fhiabhrais ar imeall an bhaile.

Phós sé Maureen Keaney ó Ghleann Fearna i 1937. Bhí sí ina múinteoir Tráchtála i ngairmscoil Chluainín ag an am. Bhí aon duine déag clainne acu agus is le Gaeilge a thógadar iad.

Bhí an-dúil ag Harry san iascaireacht agus sa litríocht. Ghlac sé páirt i go leor comórtais iascaireachta idirnáisiúnta mar ionadaí na hÉireann ó 1934 go dtí tús na seascaidí. Maidir leis an litríocht b'iad na filí Laidine, Vergil agus Horace chomh maith le Burns, Shelly agus Swift na scríbhneoirí b'ansa leis. Bhí an-chur amach aige ar litríocht na Gaeilge agus bhí sé de nós aige sliochtanna as filíocht Rafturaí a aithris ós ard.

Ba mhór é a bhris nuair a fuair a bhainchéile Maureen bás i 1980. D'éag sé féin i 1987.

1.65 milliún cainteoirí Gaeilge


Alan Dukes

Cathal Mac Coille

Dave Odlum

Dónal Ó'Kelly

Páistí Enda O`Fearghail and Ashley O`Géibheannaigh ó Gaelscoil Cora Droma Rúisc ag a gcóisir san Óstan Bush. Chuir said drama Nollaig I láthair chomh maith le hamhráin and ceol den scoth. Maith sibh go léir.